

Fiosrú ealaíonta in oideachas luath-óige.

An Dochtúir Carmel Brennan, Luath-Óige Éireann

Agus Johnny ag ullmhú le haistriú chuig an 'scoil mhór' déanann sé machnamh ar an lá is fearr leis sa Naíolann.



Lá den saol, bhí seachadadh mór ann chuig an naíolann. Shíleamar gur líon mór daoine a bhí ann ach d'osclaíomar an bosca cairtchláir agus preabchaisleán i gcruth inneall dóiteáin mór le doras agus suíocháin a bhí ann. Suím isteach agus tiomáinim an t-inneall dóiteáin. Bhí Thomas agus mé féin ag tiomáint agus bhí gach duine sa chúl. Bhí sciatháin aige agus d'fhéadfaimis eitilt go tíortha éagsúla mar an Spáinn nó an Fhrainc agus mhúchamar na tinte go léir. Bhí an Spáinn ar fad trí thine, mar sin, fuaireamar ár bpiobáin agus thugamar tarrtháil in am an ghátair.

Léiríonn an scéal teoric iontach Malaguzzi (Rinaldi 1993) go bhfuil baint ag *'an obair agus súgradh, réaltacht agus fantaisíocht, eolaíocht agus samhlaíocht, spéir agus talamh, réasún agus aisling... le chéile'*. Tá baint acu siad go léir go compordach i scéal agus líníocht Johnny – scéal réaltachta agus fantaisíochta, an chontúirt agus misneach, an t-olc agus an mhaith, an duine aonair agus pobal, a thugtar le chéile gan stró le heolas fíor, fíorasach, le meafar agus samhlaíocht. Is scéal álainn é, lán le láíocht, fuinneamh, comhlúadar agus laochas – saothar ealaíne.

Déanann an páipéar seo athbhreithniú ar ról na healaíne i gcuraclam na luath-óige. Tarraingíonn sé ar mheafar na hamharclannaíochta chun cur síos a dhéanamh ar dtús ar an tuiscint atá ag teacht chun cinn ar oideachas agus ar fhoghlaim a leagann síos an chéim le haghaidh rannpháirtíocht chriticiúil leis na healaíona do leanaí óga, athcheanglaíonn sé le hinniúlachtaí, scileanna agus meonta leanaí an-óg arb iad na príomhghníomhaithe iad agus ar deireadh déanann sé athbhreithniú ar na féidearthachtaí feidhmíochta, eispéireas ealaíontóirí agus oideachasóirí ag obair le chéile, na ceisteanna a ardaíodh agus na deiseanna amach anseo

Tá an t-ardán réitithe

Tá roinnt athruithe suntasacha déanta againn ar an mbealach a dtuigimid oideachas agus foghlaim san earnáil luath-óige. Thug an nádúr orgánach d'fhorbairt na hearnála roinnt solúbthachta dúinn maidir le peirspictíocht agus cur chuige a fhorbairt agus tá aois na leanaí tar éis cuid den bhrú a mhaolú chun feidhmiú do chaighdeán níos cosúil le caighdeán scoileanna. Go traidisiúnta, san earnáil, sheachnaíomar an teagasc agus dhíríomar níos mó ar shúgradh agus ar chaidrimh, bíodh is go raibh teoiricí faoi na rudaí a theastaíonn ó leanaí á spreagadh den chuid is mó. Tá coincheap an ghá láidir, ag teacht ó dhearcadh Piagetian daingean ar chéimeanna d'fhorbairt bhitheolaíoch agus chognaíoch. Tá a fhios againn anois go bhforbraíonn an corp, agus b'fhéidir roinnt gnéithe den chognaíocht agus den loighic, i gcéimeanna uilíocha ar bhealach ach tá a fhios againn freisin go bhfuil an aigne múnlaithé i gcaidrimh agus in eispéiris agus go dtagann leanaí isteach sa domhan réidh chun iad a chuardach agus aghaidh a thabhairt orthu go croíúil. Is féidir leis an bpeirspictíocht a athrú go bunúsach ar an dóigh a smaoinímid ar leanaí mar na príomhphearsana, na gníomhairí gníomhacha, a dhéanann 'ceansú' (Jose Miquel de Angulo, cumarsáid phearsanta 2014) dá dtuismitheoirí agus a spreagann na scileanna agus meonta iontu le bheith ina gcomhoibritheoirí iontacha sa phróiseas cruthaitheach d'fhéiniúlacht agus muintearas a thógáil. Athraíonn an t-ardú seo an cheist ó 'cad atá ag teastáil ó leanaí le bheith níos cosúil le daoine fásta?' chuig 'cad iad na hinniúlachtaí, na meonta agus na tiomantais a dhéanann foghlaimeoirí chomh cumhachtach sin de leanaí óga agus conas is féidir linn a bhfuinneamh, a ndíograis agus a scileanna a chothú?' Conas is féidir linn tacú le leanaí agus iad féin agus an pobal á ndéanamh acu? Anois tá na coincheapa a bhaineann le fiosrú, iniúchadh, mothú, éisteacht, forbairt peirspictíochtaí éagsúla agus bealaí chun cumarsáid a dhéanamh i lár an aonaigh. Tá ról soiléir ag na healaíona agus ag an bhfiosrú ealaíonta sa mhodh foghlama seo.

Léiríonn Aistear, creatchuraclam na luath-óige, na athruithe sin sa tuiscint ar go leor bealaí. Déanann sé cur síos ar an gcuraclam mar churaclam atá ag teacht chun cinn, mar churaclam atá faoi stiúir fiosrúcháin agus mar churaclam atá bunaithe ar shúgradh. Is iad aidhmeanna Aistear ná go mbraithfidh leanaí braistint folláine, go bhfuil féiniúlacht agus muintearas láidir acu agus go bhfuil meonta agus scileanna acu chun cumarsáid, iniúchadh agus smaointeoireacht a dhéanamh. Is spríocanna foghlama iad seo a aithníonn nádúr cultúrtha agus casta na foghlama agus a chuireann leanaí mar rannpháirtithe gníomhacha agus mar spreagthóirí. Bíonn lionsa an-difriúil againn sa deireadh - ag aistriú ón méid atá in easnamh ag leanaí agus a chaithfidh siad a fháil chun tógáil ar a gcuid láidreachtaí dúchasacha agus ar a nádúr - a láidreachtaí ann féin chun nascadh le pobal, cur leis agus pobal a chruthú.

Deir Malaguzzi (Rinaldi 1993) linn go bhfuil '*céad teanga ag páistí, céad lámh, céad smaoineamh, céad bealach smaointeoireachta, imeartha, labhartha*' ach go ngoidimid nócha a naoi trínár gcóras oideachais. Tá na struchtúir agus na spreagthaí chun cumarsáid a dhéanamh trí theangacha na ríme, an cheoil, na gluaiseachta agus an damhsa, na scéalaíochta agus na drámaíochta agus a gcuid fo-chanúintí go léir ann ón tús. Tugann Dissanayake (2009) ar ais muid chuig an mbreith agus insíonn sí dúinn go bhfuil na healaíona seo mar chuid de na chéad chaidrimh, atá curtha i bhfeidhm sa dlúithe a bhaineann le súgradh 'máthair agus leanbh'. Leanann daoine eile, líníocht, péinteáil, dealbhóireacht, tógáil etc. go dlúth nuair a aithnímid acmhainneacht na n-ealaíon chun fuinneamh a thabhairt do chumas nádúrtha leanaí maidir le cruthaitheacht, cumarsáid agus smaointeoireacht, agus iniúchadh.

Tá an t-ardán socraithe amach chun athmhachnamh a dhéanamh ar acmhainneacht na n-ealaíon agus ar ról na n-ealaíontóirí i suíomhanna luath-óige.

Tá na haisteoirí prapáilte

Tá na haisteoirí prapáilte cheana féin. Insíonn taighde go soiléir dúinn go bhfuil an spreagadh

cruthaitheach sa nádúr ag gach leanbh. Déanann an dúlra é a dhearadh mar sin toisc go bhfuil cruthaitheacht riachtanach don fhoghlaim sa luath-óige. Ní mór dúinn timpeallachtaí a thógáil inar féidir léi í féin a léiriú, fás agus bláthú.

Cad iad na láidreachtaí atá ag leanaí chun cumarsáid agus iniúchadh agus smaointeoireacht a dhéanamh? Maíonn Young (2015) go dtagann siad ar an saol mar **cheoltóirí**. Tugann scríbhneoireacht Trevarthen (2010) faoi ceolmhaireacht linbh muid arís isteach sa spás 'máthair agus leanbh' agus an 'malartú suáilceach d'fhantaisíocht' a líonann. Insíonn sé dúinn go dtugann leanaí a n-inniúlacht ceoil nádúrtha chuig na hidirghníomhaíochtaí seo i dtreo sioncronú lena máithreacha. Comhcheanglaíonn cuisle, buille, rithim, mothú, uainiú, bogadh go healaíonta agus 'rannpháirtíocht intinne' (Rogoff 1990) chun malartuithe comhordaithe a chruthú atá lán de phlobaireacht, scréacha, ó agus á eatarthu. Ní mór dúinn teagmháil a dhéanamh leis an draíocht seo - chun cuardach a dhéanamh ar an méid a ndearnadh dearmad air go minic agus ar diúltaíodh dó inár dteoiricí foghlama. Insíonn Trevarthen dúinn go roinneann máthair agus leanbh a gcuid rún, spéiseanna agus mothúcháin trí bhogadh i dtrua lena chéile ionas go n-athróidh an 'bhraith mé' isteach ina 'bhraith muid', rud a chuirfeadh ceolfhoireann i mbun a ceirde i gcuimhne duit. Déanann Dessenyake (2009) comparáid idir na hidirghníomhaíochtaí luatha seo agus ceoltóirí snagcheoil, ag tobchumadh agus ag comhordú a gcuid ionchur i scéal ceoil roinnte. Tugann Stephen Mallock (1999) 'Ceol Cumarsáideach' air – agus taispeánann sé gurb é bonn na hidirshuibíochtúlachta é, agus an fhoghlaim ar fad dá bhrí sin. Tugann Trevarthen (2010) achoimre ar a rá *'go dtagann muid chun cónaí i ndomhan ina bhfuil rochtain againn ar bríonna na mílte bliain d'aois atá in ann smaointe a nascadh idir daoine i bhfad óna chéile i gcúinsí an-difriúil...trí na scéalta comhráiteacha agus an plé sin'*. Is próiseas cruthaitheach é. Is ceoltóirí nádúrtha iad leanaí - prapáilte chun cumarsáid, iniúchadh agus smaointeoireacht a dhéanamh trí cheol. Tá ciall ann an óige a líonadh le heispéiris cheoil.

Deir Egan (2013) linn gur dtagaimid ar an saol mar **fhilí**. Cad é ar féidir a bheith i gceist aige? Míníonn sé go bhfuil cumais intleachtúla áirithe ag leanaí, a bhaineann le filí, atá faoi bhláth ina gcéad bhlianta agus go dtagann meath orthu ina dhiaidh sin. Tá sé seo ar eolas ag na daoine agaibh a oibríonn le leanaí óga. Tá siad an-íogair do mhothúchán i ndaoine eile, i scéalta, i gcaidrimh (Dunn 1987). Tá siad prapáilte chun mothúchán a léamh agus é a spreagadh i gcúramóirí. Freagraíonn tuismitheoirí go nádúrtha agus ón tús, ina n-idirghníomhaíochtaí, líonann siad a gcuid guthanna agus gothaí le léiriú mór agus mothúchán follasach. Cosúil le filí, mothaíonn leanaí a mbealach isteach sna scéalta atá ag tarlú timpeall orthu.

Cosúil le filí freisin, tá cumas éasca ag leanaí meafair a spreagadh. D'aithin Gardner and Winner (1978) go raibh an cumas sin ag barr a mhaitheasa nuair a bhíonn leanaí in aois 5. Is féidir linn a fheiceáil i scéal agus líníocht Johnny thuas, cé chomh tapa agus a chruthaíonn leanaí meafar den mhaith agus an t-olc, den eagla agus crógacht, den chailleanas agus den ghrá. Is coincheapa teibí iad seo nach féidir le leanaí a ainmniú ach tugann siad aghaidh orthu trí scéalaíocht. Tá samhlaíocht ag teastáil ó mheafar agus arís eile, tugann an scéal thuas isteach i ndomhan an-samhlaíoch sinn. An gceapann tú gur féidir leat é seo a dhéanamh chomh héasca céanna? Ní dócha. Bíonn an tsamhlaíocht chomh beoga agus a bhíonn sí riamh nuair a bhíonn leanaí ina luath-óige toisc gurb é sin an uair is mó a theastaíonn sí. Tá sé deartha ag an nádúr ar an dóigh seo. Teastaíonn an tsolúbthacht, an chruthaitheacht agus an fuinneamh a thugann samhlaíocht ghníomhach do na leanaí chun teacht i dtairbhí go tapa ar theanga, ar an tsochaí agus ar an domhan mór timpeall orthu. Insíonn an 'áit a aimsiú sa domhan', Bruner (1999: 176) dúinn, *'gur gníomh samhlaíochta é sa deireadh'*. Insíonn Alison Gopnik (2014) dúinn *'ó thaobh éabhlóid an duine, is é ár gcumas mór nach bhfoghlaimimid faoin domhan amháin. Is é an rud a fhágann go bhfuil muid sainiúil i ndáiríre ná gur féidir linn bealaí eile a bhféadfadh an domhan a bheith a shamhlú ...'* Is cumhacht dhaonna iontach í an tsamhlaíocht, a deir Ken Robinson. Tá na daoine is éirimiúla dár linne ar aon intinn faoi seo. Is féidir le gach duine againn, mar oideachasóirí laethúla, é a fheiceáil gach lá. Smaoinigh ar chumas leanbh 2 bhliain d'aois labhairt, rith, canadh agus damhsa agus *'a dtoil a dhearbhuí, argóint a dhéanamh, cuir ag gáire, cuir isteach, cairdeas a dhéanamh, olc a chur, seasamh agus ceisteanna a*

chur' (Grey 2013). Smaoinigh ar an leanbh 4 bliana d'aois agus a gcumas scéalta den saol mar atá, scéalta fantaisíochta agus scéalta samhlaíochta a chomhcheangal. An gceapann tú go n-éiríonn siad níos samhlaíche nó do dtagann meath ar a samhlaíocht agus iad ag dul in aois? An gceapann tú go bhfuil siad níos lú géarchúisí ná mar atá tú mar dhuine fásta? D'fhéadfadh dúshláin a bheith roimh leanaí maidir le teanga a úsáid nó fanacht leis an tasc nó seicheamh loighciúil a leanúint ach maidir le samhlaíocht, meafar, insint agus tuiscint éifeachtach, tá buntáiste acu. Tá a gcuid iniúchtaí gan staonadh. I bhfad tar éis don duine fásta éirí as, ba mhaith leo é a dhéanamh arís agus arís eile. Is iad seo na cumais a bhíonn ag filí, de réir Egan. Ní a nádúr bitheolaíoch é fírinne lárnach a n-intinní ach a nádúr fileata, a deir sé linn.

Tá a fhios againn gur taighdeoirí iad leanaí ar thóir brí (Trevarthen 2009). Is meaisíní iad a chruthaíonn brí - léitheoirí intinní díograiseacha agus tá an-spéis acu i ngach gotha, guth, athrú caolchúiseach, giúmar agus rún. Seo na sonraí go léir a úsáideann siad chun scéalta a chomhthógáil a mhíníonn an domhan.

Tá Bruner (1996, 2007) tar éis ról na scéalta i ndéanamh brí an duine a chur chun cinn. Is é, a insíonn sé dúinn, trí scéalta a insint agus trí bheith laistigh de scéalta a bhaineann daoine ciall dá ndomhan agus dá n-áit laistigh de. Is iad na scéalta ár mbealach daonna chun réaltacht a ordú, féidearthachtaí a chruthú agus eolas a roinnt. Arís eile, léiríonn scéal Johnny seo. Feicimid an grá seo don scéalaíocht i gcomhphlé, líníochtaí, tógálacha, amhráin agus damhsa leanaí. Níl aon áit a bhfuil ról na scéalaíochta níos follasaí ná ina súgradh. Is é seo an spás inar féidir leo machnamh a dhéanamh agus a n-eispéiris a roinnt. Cruthaíonn siad scéalta le chéile – scéalta a thugann le chéile a n-eispéiris chomhroinnte agus a mbealaí samhlaíochta, cruthaitheacha chun iad a chomhordú.

Caithfear leanúint ar aghaidh

Tá tús curtha ag Tairseach na nEalaíon san Oideachas le taifead a dhéanamh ar an réimse tionscadal ealaíon atá ar siúl i suíomhanna luath-óige ar fud na tíre. Bhí Oifigigh Ealaíon Áitiúla, Ionaid Ealaíon, grúpaí agus gníomhaireachtaí Ealaíon, ealaíontóirí aonair agus oideachasóirí luath-óige réamhghníomhach maidir le deiseanna a fhorbairt do leanaí a bheith rannpháirteach. D'oibrigh Luath-Óige Éireann freisin le raon ealaíontóirí le blianta beaga anuas i suíomhanna luath-óige. Tá Ivica Simić, ón gCróit, tar éis a amharclann a roinnt le leanaí na hÉireann, tá Hannah Lefeuve tar éis scéal a thabhairt chun gluaiseachta. D'fhorbair ár dtionscadal Tiny Voices le Common Ground cuir chuige maidir le fiosrú trí cheol le leanaí réamhscoile agus d'oibrigh ár dtionscadail le Kids Own, idir Being and Belonging agus an Lullaby Project, le leanaí agus leanaí óga chun spás a fhorbairt le haghaidh fiosrúcháin ealaíonta ina saolta. Sa Tionscadal Lullaby, d'oibrigh amharc-ealaíontóir agus ceoltóir le hoideachasóirí chun spás simplí, neamhchasta a chruthú inar thug siad ábhair nádúrtha oscailte isteach amhail babhláí adhmaid, scairfeanna, gaineamh agus sliogáin. D'éirigh fuaimeanna an doird mhóir, na cláirsí, an scairteora lachan ina gcodanna comhtháite den timpeallacht. Tháinig siad ar fad le chéile chun éiteas a chruthú maidir le héisteacht le leanaí agus an t-am, an spás, na hábhair agus na caidrimh a thabhairt dóibh chun dul i ngleic le hiontas an domhain. Sa tionscadal Being and Belonging, d'oibrigh ealaíontóirí le grúpaí tuismitheoirí agus leanaí - ag cruthú raon eispéireas ón 'seilg béir' mothúcháinach, céadfach, eachtrúil agus 'lámh a leagan air, rolladh amach, lúbadh, casadh a chur agus fáisceadh' a dhéanamh ar chré a fhad le bheith ag iomlasc in uisce agus spraoi míshlachtmhar agus scéal drámatúil a insint le péint. Rinneadh an dá thionscadal a dhoiciméadú go hálainn chun leanaí a ghabháil agus iad á bhfiosrú: 'Cad is féidir liom a dhéanamh? Conas a mhothaíonn sé? An bhfeiceann tú an méid a fheicimse?'

Tá Ealaíontóirí agus Oideoirí ag fiosrú freisin. Is tréimhse i gcónaí í dár machnamh gairmiúil féin aghaidh a thabhairt ar thionscadal nua agus cur chuige nua a oibriú amach. Cad a theastaíonn uainn go léir ón tionscadal seo? Cad a thugaimid linn? Conas a aithníonn agus a thuigeann muid an méid atá ag tarlú? Ardaíonn ealaíontóirí ceisteanna suimiúla. Cad a thugann an t-ealaíontóir atá mar rud breise? Cad atá le gnóthú ag leanaí? Tugann na hoideoirí ceisteanna. Cad é an nasc idir súgradh leanaí agus na healaíona? Conas a dhéanaimid fiosrú ealaíonta mar chuid dár n-oideolaíocht? Maidir le Luath-Óige Éireann agus a mbaill, is spás an-mhachnamhach, cruthaitheach é an súgradh do leanaí. Maidir linn, is í an cheist: Conas is féidir leis an ealaíontóir cabhrú linn na healaíona a

fhorbairt mar theangacha fiosrúcháin eile – bealaí eile chun peirspictíochtaí nua a iniúchadh agus a chur in iúl?

Táimid an-bhuíoch den iliomad ealaíontóirí ar oibrigh muid leo as an gcuireadh chun breathnú agus éisteacht arís – chun éisteacht arís le leanaí – chun eispéiris ealaíonta a chruthú leo - ach anois lenár gcéadfaí go léir. Cad atá a rá ag na leanaí? Cad iad na ceisteanna atá acu? Conas atá ag éirí leo? Cad iad na ‘daoine féin féideartha’ agus ‘domhain fhéideartha’ atá á dtógáil acu? Cabhraíonn ealaíontóirí linn ar ár dturas i dtreo pobail fiosrúcháin le leanaí a chruthú. Neartaítear guthanna na leanaí trí dheiseanna cruthaitheacha léirithe, agus ag an am céanna iompraíonn ealaíontóirí na guthanna sin ina gcuid saothair féin.

Éiríonn leanaí níos feiceálaí mar rannpháirtithe. Tá sé de chumas ag oideachasóirí agus ealaíontóirí a bheith ag cur lena chéile agus a bheith ag forbairt a théann chun tairbhe don dá thaobh. Caithfidimid a bheith níos réamhghníomhaí maidir le deiseanna a chruthú.

Tagairtí

Bruner, J. (1996) *The Culture of Education*, Harvard, Mass., Harvard University Press.

Bruner, J. (1999) *Culture, Mind and Education*. In Moon, B. & Murphy, P. (Eag.) *Curriculum in Context*. Londain, Paul Chapman Publishing Ltd.

Dissanayake, E. (2009) “The artification hypothesis and its relevance to cognitive science, evolutionary aesthetics, and neuroaesthetics”. *Cognitive Semiotics* 5, 148--173

Dunn, J. (1987) *Understanding feelings: the early stages*. In Bruner, J. & Haste, H. (Eag.) *Making sense: the child's construction of the world*. Londain, Methuen.

Egan, K. (2013) The Arts as the Basics of Education. <http://www.educ.sfu.ca/kegan/ArtsBasics.html>
Rochtain 25/10/2015

Gopnik, A. 2014 Gopnik on the Imagination
<http://philosophybites.libsyn.com/alison--gopnik--on--the--imagination> Rochtain
26/10/2015

Grey, P. (2013) Freedom to learn. Nua-Eabhrac. Basic books

Mallock, S. and Trevarthen, C. (2009) Exploring the Basis of Human Companionship In
Communicative Musicality., ead. Stephen **Mallock** & Colwyn Trevarthen, 585 -- 602.

Rinaldi, C. (1993) The emergent curriculum and social constructivism. In Edwards, C., Gandini, L. &
Forman, G. E. (Ead.) *The Hundred Languages of Children*. Norwood, NJ, Ablex.

Trevarthen, C. & Aitken, K. (2001) Infant Intersubjectivity: Research, Theory, and Clinical
Applications. *Journal of Child Psychology and Psychiatry*, 42, 3--48.

Young, S. (2015) Children as musicians. Canterbury University conference, Margate. Iúil 2015



Aiste arna Coimisiúnú ag Tairseach na nEalaíon san
Oideachas, 2015